

Straitéis Chill Chainnigh le
haghaidh forbairt
Eacnamúil, Sóisialta agus
Cultúrtha

Athbhreithniú
2005

Ábhar

- Réamhrá.
- Forbairtí socheacnamaíocha & déimeagrafacha ón mbliain 2002 i leith.
- Cur i bhfeidhm go dáta.
- An próiseas athbhreithnithe: Cuspóirí agus modheolaíocht.
- Gníomhartha tábhachtacha tosaíochta 2006/8.
- Clár Forfheidhmithe 2006/8
- Conclúid.
- Aguisín 1: Teimpléad le haghaidh Plean Forfheidhmithe.
- Aguisín 2: Formáid ar a bhfuiltear aontaithe agus Clár Oibre le haghaidh cruinnithe BFC.

Réamhrá

Na comhaltaí ar cuid de Bhord Forbartha Chontae (BFC) Chill Chainnigh iad tá siad geallta don mhúnla BFC agus don phróiseas chun chur chuige atá thar bheith ‘joined up’ a sheachadadh do sholáthar seirbhíse ag an leibhéal áitiúil.

Ón mbliain 2002 i leith, ba í ceann de phríomhfheidhmeanna an Bhoird stiúradh a dhéanamh ar sheachadadh straitéise a bhfuiltear ar aon fhocal fúithi i leith forbairt eacnamúil, sóisialta agus cultúrtha Chontae Chill Chainnigh (*‘A Strategy for Economic, Social and Cultural Development 2002-2012’*).

Tá a fhios ag an mBord na bunphrionsabail atá taobh thiar den mhúnla Bord Forbartha Contae agus bhí sé gníomhach ag cumhdach na prionsabail sin sna gníomhartha uile a thug sé faoi i gcaitheamh a thionachta.

Áirítear ar na prionsabail sin páirteachas pobal áitiúla, cuimsitheacht shóisialta, rannpháirteachas, dlísteacht dhaonlathach, aitheantas a thabhairt do shaothar deonach, rannpháirteachas agus próiseas mar chuid d’fhuascailt na faidhbe. Tá eilimint chriticiúil den chumaisc áfach nach bhfuil ar aon teorainn le haon chontae nó le haon chathair .i. coimínt, tacaíocht agus solúbthacht rialtais lárnaigh agus gníomhaireachtaí náisiúnta. Creideann Bord Forbartha Chontae Chill Chainnigh gurb é an prionsabal bunúsach sin a chinnfidh sa deireadh thiar cé acu an mbeidh rath ar an tionscnamh BFC nó an gclisfidh air.

Tá sé de dhualgas ag gach Bord athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis sin tar éis trí bliana. Chomh maith leis sin leag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus

Rialtais Áitiúil treoirínite síos i mí Eanáir 2005 a bhain le hathbhreithniú ar Straitéisí Bord Forbartha Cathrach agus Contae.

Níl sé d'aidhm ag an doiciméad athbhreithnithe seo leasú nó athdhréachtú a dhéanamh ar straitéis na mblianta 2002-2012 ach dhíriú isteach ar na príomhphointí agus ar na príomhghníomhartha a mbeifear ag tabhairt tosaíocht dóibh thar tréimhse na trí bliana atá amach romhainn agus bealaí a aimsiú chun éifeacht agus éifeachtúlacht soláthar seirbhíse chathair agus chontae Chill Chainnigh a mhéadú.

Forbairtí socheacnamaíocha & déimeagrafacha ón mbliain 2002 i leith

Pátrúin Lonnaíochta

Ba sa phríomhlimistéar uirbeach a chuimsíonn cathair Chill Chainnigh agus an ceantar máguaird ba mó a bhí fás ar dhaonra Chill Chainnigh ó rinneadh Daonáireamh na Bliana 2002. Bhí fás freisin sa chuid sin de thimpeallacht chathair Phort Láirge atá taobh istigh de theorainn chontae Chill Chainnigh. Tháinig méadú leanúnach ar líon na dtithe a tógadh sa chontae ina iomláine ó 736 sa bhliain 2000 go 1,384 sa bhliain 2004.

Is é polasaí na Comhairle Contae freastal d'fhorbairt na gcathracha agus na sráidbhailte atá sa chontae. Daingneoidh agus neartóidh sí an bundaonra laistigh de na lonnaíochtaí sin agus déanfaidh sí cinnte go mbainfear an oiread úsáid agus is féidir ó thaobh an geilleagair de as an mbonneagar fisiciúil agus sóisialta atá ann agus atá beartaithe bheith ann. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil cuid shubstainteach den dhaonra ina cónaí sna ceantair tuaithe. Tá polasaí na Comhairle i leith tithíochta faoin tuath ag iarraidh tacú le forbairt inmharthana pobal tuaithe gan chur isteach nó amach ar acmhainn an chontae .i. acmhainn fisiciúil, cultúrtha agus acmhainn ó thaobh timpeallachta agus nádúir.

Daonra

Daonra de 80,339 a bhí ag Cill Chainnigh i 2002. Is ardú de 6.6 per cent é sin i gcomórtas le figiúr dhaonáireamh na bliana 1996. Bhí ráta fáis de 0.99 faoin gcéad ag Bardas Buirge Chill Chainnigh. De réir fhigiúirí na bliana 2002 ón bPríomhoifig Staidrimh (POS) bhí 28 faoin gcéad den daonra iomlán ina gcónaí i gcathair Chill Chainnigh agus 72 faoin gcéad ina gcónaí i gceantair tuaithe. Tugann na sonraí sin chun suntais chomh lag is atá déantús uirbeach an chontae agus léiríonn sé claonadh suntasach i dtreo na tuaithe.

Struchtúr ó thaobh Aoise

De réir fhigiúirí na bliana 2002 ó POS níor tháinig aon athrú suntasach ar struchtúr ó thaobh aoise Chill Chainnigh.

An Lucht Oibre

Ba dhíol suntais é gur thaispeáin Staitisticí Daonra Ceantair Bhig (SDCB) de chuid an POS i 2002 go raibh ardú de 80 faoin gcéad i 'males at work' sa 'construction & building' agus ardú de 32 faoin gcéad sa 'state sector'. Táthar ag bogadh amach ó obair a bhaineann le 'manufacturing & agricultural' agus is léir go bhfuiltear ag bogadh i dtreo 'commerce/industry'. Tháinig méadú ar líon na bhfeirmeacha beaga níos lú ná 30 acra agus ar líon na bhfeirmeacha móra níos mó ná 50 acra i gceantair tuaithe i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach.

Fostaíocht

Bhí titim go 3.2 faoin gcéad ar an meánfhostaíocht don chontae. Maidir le daoine ar an rolla fostaíochta agus iad áirithe mar chéatadán den daonra iomlán tá ó 0.0 in Iarthar Seireapúin go 14.4 i nGráig na Manach. Ceann de na hathruithe ba shuntasáí ba ea an t-ardú de 31 faoin gcéad ar líon na mná a bhí páirteach sa bhfórsa saothair ó 1996 i leith (is é 29 faoin gcéad an meán sa stáit). Tháinig ardú de 60 faoin gcéad ar líon na mná san aoisghrúpa 44-64 bliana a bhí páirteach sa bhfórsa saothair.

Oideachas agus Fórsa Oibre

Tugann SDCB a rinne POS don bhliain 2002 chun aitheantais go raibh ardú ar an leibhéal rannpháirteachais sa chóras oideachais sa tsraith a bhaineann leis an Teastas Sóisearach agus sa tsraith a bhaineann leis an Ardteastas. Bhí ardú de 45 faoin gcéad freisin ar iarchéimí tríú leibhéil fir agus ardú de 52 faoin gcéad ar a macasamhail mná. Bhí laghdú ar rannpháirteachas san oideachas gairmiúil agus teicniúil ag leibhéal an ardteastais le titim de 12 faoin gcéad sa rannpháirteachas fir agus de 40 faoin gcéad sa rannpháirteachas mná. Ar na rudaí ba thábhachtaí a tháinig chun solais i réimse an oideachais bhí an méadú ar an líon daoine a raibh ‘no formal education’ acu.

Díth/Eisiamh Sóisialta

Is cóimheas an Innéacs Díthe Náisiúnta a dhéantar ón SDCB le haghaidh na 3,422 Thoghcheantar sa tír a chuireann Daonáireamh na bliana 2002 ar fáil. Téann an Innéacs Díthe ó leibhéal 1 ‘least deprivation’, go dtí leibhéal 10 an leibhéal díthe is airde.

Laistigh den chontae, tá trí DEDS le hinnéacs díthe de 10 (leibhéal ard díthe) .i. Cill Chainnigh Uirbeach 1, Callainn Uirbeach 1, agus Áth na nUrlainn. Tá leibhéal díthe de 9 ag deich DEDanna sa chontae agus tá leibhéal de 8 ag 6.

Tithíocht Shóisialta

Buntáiste mór atá ag Cill Chainnigh is ea an leibhéal ard tithíochta sóisialta ar faoi choimirce gníomhaireachtaí deonacha a cuireadh ar fáil iad. Is é an ‘Local Authority Housing Needs Assessment, 2005.’ an príomhfhoinsé eolais ar riachtanais reatha teaghlach. Tá 410 iarrthóirí ar thithíocht údaráis áitiúil ar liosta

feithimh Bhardas Buirge Chill Chainnigh agus tá istigh is amuigh de 800 iarratasóir ar liosta na Comhairle Contae (le dúblacht de 280). Is iad na limistéir ab airde éileamh tithíochta cathair Chill Chainnigh agus an ceantar máguaird, Baile Mhic Andáin, Caisleán an Chomair, Callainn, Áth na nUrlainn agus Droichead Binéid. Tá líon na máithreacha óga singil go hard ar na liostaí agus tá méadú suntasach ar na huimhreacha sa chatagóir 'single men with children'. Is léir freisin go bhfuil méadú ar líon na ndaoine nach de mhuintir na hÉireann iad atá ag lorg tithíochta.

Chinn Údarás Áitiúil Chill Chainnigh ar 'Traveller Accommodation Programme' (2004-2008). Cuirfidh an clár sin cóiríocht ar fáil do 34 theaghlach nó aonad ag déanamh freastal do theaghlach atá ann cheana féin agus do dhaoine óga fásta den Lucht Siúil a dteastaíonn tithíocht na chéad uaire uathu.

Cur i bhfeidhm go dáta

Bhí 36 ghníomhaireacht gafa mar '*lead agencies*' le '*A Strategy for Economic, Social and Cultural Development 2002-2012*'; d'aontaigh líon áirithe de na príomhghníomhaireachtaí faoi thaca a thabhairt do na gníomhartha trí chur chuige comhoibríthe. Tá sé cinn de na gníomhaireachtaí sin gafa le gníomhartha comhcheannaireachta.

Le linn an phróisis athbhreithnithe thug 42 faoin gcéad de na gníomhaireachtaí uile a ghlac páirt tuairisc chun críche maidir leis an dul chun cinn, inar tugadh chun suntais i dtéarmaí a bhain le próiseas agus le nós imeachta, tograí ar éirigh leo, deacrachtaí agus athruithe tábhachtacha eile ar mhian leo go gcuirfí i bhfeidhm iad.

Cé gur saincheisteanna faoi leith iad taithí gníomhaireachta agus cur i bhfeidhm agus go mbíonn siad éagsúil lena chéile ag brath ar an ngnímh, is suntasach chomh cosúil lena cheile is atá siad freisin.

De réir ceann de na gníomhaireachtaí a ghlac páirt d'éirigh thar chionn leis an tionscadal sa réimse a bhain le cumasú agus le héascú. Chumasaigh an Bord Forbartha Contae níos mó líonrú neamhfhoirmeálta ar leibhéal an duine aonair agus ar leibhéal an ghrúpa. D'fhreastail an teagmháil sin do sheadhadadh tionscnamh fiúntacha, do mhéadú ar chomhroinnt eolais, agus do mhalartú idéanna agus saineolas. Rinne sé talamh slán de chaidreamh oibre sna réimse reachtúla, deonacha agus pobail agus neartaigh é.

Ba chabhair an Straitéis freisin chun cineál an díospóireacht agus an bealach ina gceaptar freagairt ar fud an chontae agus ina cuirtear gníomhartha i bhfeidhm a mhúnlú. D'oscail sé bealach chun cheisteanna criticiúla tábhachtacha, a leithéid cuimsitheacht shóisialta, a thabhairt chun suntais agus a chur faoi bhráid na ndaoine a dhéanann polasaí agus cinntí i gCill Chainnigh.

Bhí an comhoibriú idir gníomhaireachtaí tosaigh agus gníomhaireachtaí taca bisiúil. An feabhas ar nósanna imeachta cumarsáide agus an aiseolas siar is aniar, réitigh sé an bealach chun leibhéal níos airde i leith comhroinnt eolais a bhaint amach.

Léirigh na tuairiscí ar dhul chun cinn freisin an imní a bhí ar na Comhaltaí faoi cheisteanna cosúil le: an iomarca béime á chur ar chúrsaí Sóisialta agus an easpa béime dá bharr ar shaincheisteanna Eacnamúla; súil le i bhfad níos mó ón earnáil Forbartha Áitiúla ná ó earnálacha eile a raibh ionadaí dá chuid ar an mBord; an t-éileamh ar am agus ar acmhainn i ndáil leis na gníomhaireachtaí uile atá rannpháirteach.

An Próiseas Athbhreithnithe

Bhíothas i mbun an phróisis athbhreithnite i rith na bliana 2005. Ba é an leibhéal ard coimhitiminte ag na páirtithe, grúpaí agus gníomhaireachtaí uile a ghlac páirt a dhealaigh ón ngnách é D'oibrigh sé taobh istigh de chreat ina raibh cuspóirí agus paraméadair ó thaobh nós imeachta mínithe go soiléir.

Straitéis Athbhreithnithe: Cuspóirí

1. Gníomhartha a rangú de réir leibhéal seachadta pobail / idir ghníomhaireachtaí.
2. Líon teoranta de ghníomhartha tosaigh atá comhtháite ina n-iomláine, atá comhoibritheach agus ar féidir iad a bhaint amach a thabhairt chun aitheantais.
3. Tógáil ar ar oibrigh go maith go dtí seo agus modhanna a cheapadh chun seachadadh, freagracht agus lorg a fheabhsú.
4. Struchtúir feabhsaithe a chur chun cinn chun gníomhartha a sheachadadh.
5. Teacht ar chomhaontú maidir le frámaí ama le haghaidh seachadta agus cur i gcríoch gníomhartha.
6. Meabhair i leith úinéireacht straitéise don Bhord a chur chun cinn agus meicníochtaí tuairiscithe fóirsteanacha a chur ar bun.
7. Cinnte a dhéanamh de go gcuidíonn na daoine a ghlacann páirt ar bhealach réadúil leis na gníomhartha sonracha / tosaíochtaí atá rianaithe.
8. Deiseanna foghlama agus comhroinnte eolais a mhéadú.
9. Úsáid a bhaint as an athbhreithniú mar uirlis chun an rud atá i gceist ag an mBord le formhuiniú pleananna etc. a shoiléiriú.

Cur chuige agus modhanna ar baineadh úsáid astu sa phróiseas athbhreithnithe

1. Tuairiscí faoi dhul chun cinn tosaigh ó phríomhghníomhartha a thugann chun suntais: dul chun cinn mar phríomhghníomhaireacht, tuairisc stádais ar gníomhartha uile, cad a d'oibrigh amach/cad nár oibrigh amach laistigh den phróiseas, moltaí maidir le hathruithe/modhnuithe i leith an phróisis/chórais agus an modh tuairiscithe is ansa.
2. Modhanna deisce agus modhanna taighde tánaisteacha chun staitisticí, treochtaí reatha agus forbairtí polasaí nua a uasdhátú.
3. Líon áirithe de chruinnithe éascaithe den Bhord Forbartha Contae agus dá foghrúpaí.
4. Athbhreithniú seachtrach ar ról na Rannóige Fiontair agus Pobail a dhéanfaidh comhairleoir neamhspleách (vis a vis gníomhartha a bhrú ar aghaidh agus moltaí maidir le seachadadh san am atá romhainn amach).

Gníomhartha Tábhachtacha Tosaíochta 2006/8

An Foras Loighiciúil

Thug Bord Forbartha Chontae Chill Chainnigh naoi mbunghníomh chun aitheantais a bhfuil sé de mhóraidhm acu an comhordú atá ann cheana féin a fheabhsú agus seirbhísí poiblí a sheachadadh ar leibhéal áitiúil. As seo go ceann trí bliana, cuideoidh na gníomhartha comhoibrithe tosaíochta seo chun tuilleadh

neartaithe a chur in éifeacht agus in éifeachtúlacht soláthar seirbhíse i gCill Chainnigh.

Tá measúnú de réir sé chritéir déanta ar gach gníomh a bhfuil tosaíocht tugtha dó:

Ba chóir go mbeadh gach gníomh indéanta.

Ba chóir go mbeadh acmhainní ar fáil dó.

Ba chóir go n-áireofaí ar acmhainní iad siúd atá ag an mBord Forbartha Contae.

Ba chóir go mbeadh acmhainní ag teastáil ó níos mó ná aon eagrais amháin.

Gníomh nach bhfuil faoi shainchúram aon eagraíochta eile ba chóir a bheith ann.

Ba chóir go n-ainmneofaí go soiléir an toradh atáthar ag súil leis ar an ngníomh agus aidhmeanna/táscairí atá sannta dó.

I dteannta na gcritéar sin, rinne an Bord Forbartha Contae anailís ar gach gníomh tosaíochta ar an ngearrliosta le cinntiú:

- go mbíonn an sineirgíocht agus na naisc idir gach gníomh ag cuidiú le dlús iomlán an phlean agus lena inbhainistíochta

- go gcuireann an clár oibre a bhfuiltear aontaithe faoi imeachtaí nach raibh aon súil leo ach a d'fhéadfadh breis éileamh a chur ar an mBord san áireamh .
- go bhfuil comhtháthú idir gníomhartha a chruthaíonn plean dinimiciúil agus plean atá go hiomlán comhtháite.
- go gcuidíonn na gníomhartha a bhfuil tosaíocht tugtha dóibh agus iad tiomsaithe le forbairt chothrom laistigh den Chontae agus do dháileadh cothrom oibre idir gníomhaireachtaí.

Gníomh Tábhachtach Tosaíochta: 1

Ag tarraingt ar mhúnlaí atá ann cheana féin, straitéis comhtháthaithe réamhghníomhach bunaithe ar chomhaontú a chur chun cinn agus i bhfeidhm chun síneadh a chur leis an gclár oibre Cuimsitheachta Sóisialta ionas go mbainfear amach poiblíocht don chontae sna meáin.

Ar an gcéad amharc dealraíonn sé go bhfuil Cill Chainnigh ag fáil seirbhís mhaith ó ghrúpaí forbartha pobail (.i. 2 ghrúpa pobail atá ag riar an Clár Cuimsitheach Sóisialta Forbartha Áitiúil, LEADER-BNS agus CEB). Is í fírinne an scéil áfach go bhfuil dhá thrian den Chontae nach bhfuil gníomhaireacht le sainchúram a bhaineann go sonrach le cuimsitheacht shóisialta ag freastal air.

Ceann de na cuspóirí ginearálta sa bheart seo is ea leibhéal díthe i DEDanna aitheanta a laghdú. Faoin Tionscadal Maoiniú Comhtháithe 2004, baineadh amach airgeadú le haghaidh oibríthe forbartha in dhá réimse díthe aitheanta. Beidh Gníomh ag díriú ar chomhtháthú struchtúir chomhairliúcháin agus seachadta ar son LEADER agus LDSIP i limistéar dheisceart agus i limistéar oirthear Chill Chainnigh.

Bunaithe ar aighneacht a ullmhaíodh le haghaidh an Scéim Mhaoiniú Comhtháite 2005/2006, moltar go dtógfaidh trí ghrúpa forbartha pobail .i. BNS, CDCD agus KCAN ar an obair a bhfuil tús curtha léi go dáta agus scóip an ghnímh a leathnú chun DEDanna eile sa chontae. Beidh an gníomh céanna á sheachadadh trasna an iarthuaiscirt, an iarthair agus i réigiún chathair Chill Chainnigh Dearfar struchtúr comhtháite uileghabhálach a sheachadfaidh LEADER agus LDSIP ar fud chontae Chill Chainnigh.

Gníomh Tábhachtach Tosaíochta: 2

Straitéis a chur chun cinn le córas oideachais tríú leibhéal a chur ar bun i gCill Chainnigh agus dearcadh Chill Chainnigh a chur chun cinn in aon díospóireacht faoi sholáthar oideachas tríú leibhéal don oirdheisceart.

Tá Cill Chainnigh ainmnithe mar mhol réigiúnach faoin Straitéis Náisiúnta Spáis agus tá sí suite go maith chun cuidiú le chur chun cinn Ollscoil an Oirdheiscirt

(OAO). Samhlaítear go gcuirfidh OAO líonra ionad foghlama ar fáil trí champais a lonnú sna príomhbhailte réigiúnacha lena n-áirítear Cill Chainnigh.

Tá sé d'aidhm ag an ngníomh seo tógáil ar shaineolas san earnáil atá ag Cill Chainnigh cheana féin. Tá sé de thraidisiún ag Cill Chainnigh bheith bainteach leis an saol cruthaitheach agus leis na healaíona agus níos gairide don lá atá inniu ann le seirbhísí airgeadais, le forbairt bhogearraí agus le soláthar seirbhíse custaiméara. Bhí tarraingt aici ar eagrais cosúil le Statestreet, BOI 365, Infoscore agus VHI Healthcare agus choinnigh sí iad. D'fhonn áit tosaigh a choinneáil mar 'centre of excellence' caithfidh Cill Chainnigh sainchláir tríú leibhéal a sheachadadh chun riaradh ar riachtanais na n-earnálacha sin trí céimí áitiúla d'ardchaighdeáin a tháirgeadh.

Réiteodh Ollscoil an Oirdheiscirt (OAO) a mbeadh áiseanna campais préamhaithe sa gceantar lógánta aici cuid den míshásamh a bhaineann le ceist theacht an phobail áitiúil ar oideachas tríú leibhéal agus ceist faoi leibhéal níos airde rannpháirteachais. Má bhíonn teacht ar acmhainní le haghaidh R&D, aistriú teicneolaíocht agus taighde tráchtála, beidh tionchar dearfach aige sin freisin ar ghnó áitiúil trí caiteachas an chontae ar R&D a mhéadú.

Gníomh Tábhachtach Tosaíochta: 3

Múnla gnímh idirghníomhaireachta a chur chun cinn chun freastal d'fhorbairt fiontair agus eacnamúil i gceantair áitiúla agus an múnla a chur i bhfeidhm i roinnt pobal áitiúla.

Tá an gníomh seo bunaithe ar iniúchadh atáthar á dhéanamh ar chlár píolótach dhá bhliain le haghaidh rialtais áitiúil a tionscnaíodh i gCaisleán an Chomair. Ar phríomhghnéithe na scéime seo áirítear Fóram Comhairleach Idirghníomhaireachta agus Feidhmeannach Forbartha Gnó a bheith i láthair (fostaithe ag Bord Fiontraíochta Chill Chainnigh (BFCC) agus comh-mhaoinithe ag Fiontraíocht Éireann agus ag Fás). D'éirigh leis an gclár píolótach i ndáil le

líon na tograí socheacnamaíocha a cuireadh chun cinn agus faoi láthair táthar ag déanamh scrúdú air féachaint cé chomh fóirsteanach is a bheadh sé mar mhúnla le haghaidh rialtais áitiúil i gceantair eile.

Is mar fhreagairt ar clabhsúr Comerama i gCaisleán an Chomair le cailliúint 160 jab a cruthaíodh an múnla. Cuid den togra ba ea freastal do/cruthú fostaíochta cothroma, oiliúint i leith scileanna le haghaidh fostaíochta cothroma agus cur chun cinn ginearálta Chaisleán an Chomair chun infheistíocht isteach a spreagadh agus chun gnó a chur ar bun.

Samhlaítear go mbeidh iniúchadh ar an múnla atá ann faoi láthair agus pleananna reachtúla limistéir áitiúil a chur i bhfeidhm mar chuid de ghníomh a dhéanfar amach anseo. Beifear á iniúchadh freisin nuair a dhéanfar measúnú ar struchtúir agus ar thacaíochtaí pobail áitiúil le seachadadh agus imscaradh acmhainní forbartha áitiúla ar bhonn éifeachtach a chinntiú.

Gníomh Tábhachtach Tosaíochta: 4

Fóram a bhunú chun freagairt ar cheisteanna slándála agus sábháilteachta a fhiosrú, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

D'aithnigh gach gníomhaireacht agus gach grúpa a raibh ionadaí dá chuid ar an mBord Forbartha Contae ceist na sábháilteachta mar bhuncheist nach mór aghaidh a thabhairt uirthi in éindí lena chéile. Ó tionscnaíodh Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 bhí achrann ag baint le bearta a tugadh isteach chun déileáil le hiompar frithshóisialta agus spreag siad díospóireacht bríomhar.

Suas chun dáta ní aon taighde cuimsitheach déanta ar cé chomh forleathan is atá iompar frithshóisialta i gcóiríocht Údaráis Áitiúil ar chíos sa tír seo. Tugann an

t-eolas atá ar fáil áfach le fios, nuair is coitianta do theagmhais dá leithéid, go mbíonn impleachtaí acu ar cháilíocht bheatha tionóntaí aonair, ar chobhsaíocht an phobail ina iomláine agus ar dhea-cháil na comharsanachta i measc iarratasóirí ar thithíocht.

Tá freagrachtaí sonracha ag na hÚdaráis Áitiúla agus ag na Gardaí atá rianaithe sa reachtaíocht. Tá tionscnamh Orduithe Iompar Frithshóisialta agus tionscnamh Scéim CCTV Pobalbhunaithe (faoi threoir an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí) faoi chaibidil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn áitiúil.

Ar an leibhéal áitiúil, rachaidh an Fóram nuair a chuirfear ar bun é i mbun páirtíocht ar bhonn ghníomhach leis an gcoiste gardála áitiúla agus déanfaidh sé iniúchadh ar an ngá atá le tuilleadh saoráidí sóisialta.

Fanfaidh sé freisin leis an toradh a bheidh ar Chomhdháil an Mhéara faoi Iompar Frithshóisialta a bheidh ar siúl de réir sceidil i mí Feabhra 2006.

Thug an Bord Forbartha Contae tosaíocht don ghníomh seo d'fhonn freagairt ábhartha, spriocdhírthe agus comhtháite ar cheisteanna slándála poiblí i gCill Chainnigh a shocrú.

Gníomh Tábhachtach Tosaíochta: 5

Straitéisí forbartha turasóireachta a chur chun cinn, a chur i bhfeidhm agus a mheas do roinnt limistéir éagsúla tuaithe.

Tionscal tábhachtach a bhrúnn Cill Chainnigh ar aghaidh go heacnamúil is ea an turasóireacht; is cathair í Cill Chainnigh a bhfuil tarraingt ar níos mó ná 260,000 turasóir uirthi in aghaidh na bliana Tá 'spin-off' teoranta aige agus is beag de thurasóireracht atá sna limistéir tuaithe amach ó chathair Chill Chainnigh.

An míchothromas sin a chur ina cheart sin an aidhm atá leis an ngníomh seo agus mar chuid de sin beifear ag dul i mbun straitéise comhtháite idirghníomhaireachta i ndáil le forbairt agus cur chun cinn an táirge turasóireachta tuaithe. Cuimsítear sa tionscnamh réimse leathan soláthraithe cóiríochta, táirge agus seirbhíse. Tabharfar taca don táirge turasóireachta tuaithe ionas go sáróidh sé an míbhuntáiste gan chumas 'stand-alone' a bheith aige.

Gníomh Tábhachtach Tosaíochta: 6

Iniúchadh á thaobh áisiúlacht de a dhéanamh ar fhoirgnimh sheirbhíse poiblí chun locht a thugtar chun aitheantais a leigheas. Soláthar do sheachadadh malartach seirbhíse nuair nach féidir deacrachtaí a bhaineann le háisiúlacht a chur ina gceart. Toradh an iniúchta a scaipeadh agus na gníomhartha a rinneadh a aithint.

Cuireann an tAcht um Míchumas, 2005 freagracht shuntasach ar chomhlachtaí poiblí áiseanna cuí a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas le go mbeidh teacht acu ar sheirbhísí. Faoi alt 26 den Acht tá sé de cheangal ar chomhlachtaí poiblí rochtain chomhtháite a chinntiú chomh fada agus is praiticiúil le go mbeidh daoine faoi mhíchumas in ann teacht ar sheirbhísí poiblí ar an dóigh céanna agus saoránaigh eile. Foráiltear in alt 27 go gcaithfidh comhlachtaí poiblí earraí agus seirbhísí atá áisiúil a cheannach mura mbeadh sé sin míphraiticiúil nó murarbh fhéidir an t-ardchostas a chosaint nó dá mbeadh moill mhírreasúnta dá bharr.

Faoi théarmaí Ailt 28, cumarsáid a dhéanann comhlacht phoiblí le duine a bhfuil lagú san éisteacht nó sna súile aige ní mór di bheith chomh fada agus is praiticiúil i bhformáid áisiúil; caithfidh eolas leictreonach agus teicneolaíocht oiriúnaitheach agus eolas foilsithe a bheith oiriúnach dá chéile; ní mór go mbeadh sé ábhartha do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil, go mbeadh fáil air i bhformáid a éascaíonn a léamh.

Cuireann an reachtaíocht seo freagracht shuntasach ar sholáthraithe seirbhíse freagairt a thabhairt ar riachtanais an phobail maidir le háisiúlacht agus soláthróidh an gníomh atá molta freagairt chomhtháite ar shaincheisteanna a bhaineann le háisiúlacht.

Gníomh Tábhachtach Tosaíochta: 7

Fóram Fuinnimh Inmharthana a chur ar bun agus gníomhartha a bhfuiltear aontaithe fúthu a sheachadadh.

Tá an gníomh seo deartha chun tógáil ar chorpas oibre measartha mór ar thug an Grúpa BNS LEADER faoi. Cuimsíodh sa ghníomh seo tionscnaimh ghinearálta ardaithe tuisceana chun an t-eolas atá againn ar roghanna agus ar dheiseanna maidir le fuinneamh inmharthana a chur chun cinn agus a mhéadú. Thionscain an Grúpa agus chuir chun cinn réimse leathan tograí píolótacha ar fud an chontae.

Stiúrfaidh gníomhaireachtaí atá rannpháirteach iniúchta dá gcuid féin agus taiscéalfaidh siad na roghanna is fearr agus an cleachtas is fearr ó thaobh fuinneamh inmharthana. Cuimseoidh an Straitéis na roghanna agus na deiseanna atá ar fáil ar bhonn leathan réigiúnach chun léargas níos

uileghabhálaí a chruthú thar mar a d'fhéadfaí a chruthú dá gcuirfí teorannacha contae san áireamh. Is é an príomhchuspóir a bheidh ag an nGníomh Fóram a chur ar bun a chuimseoidh na daoine tábhachtacha uile i réimse an fhuinnimh inmharthana agus straitéis níos dlúithe agus níos comhbheartaithe a chur chun cinn chun dul i ngléic leis an réimse oibre seo atá ag éirí níos tábhachtaí in aghaidh an lae.

Gníomh Tábhachtach Tosaíochta: 8

Dul i mbun oibre ar bhonn straitéiseach le Ciste Comhordaithe Óige Chill Chainnigh chun na gníomhartha tosaíochta a tugadh chun aitheantais sa Phlean Óige Comhtáthaithe Sprice a chur i bhfeidhm.

Is driogadh é an gníomh seo den ghníomh bunaidh sa Straitéis 2002-2012 'To develop a partnership approach to youth development in Kilkenny City and County ensuring better co-ordination of services.'

Tugadh faoi mhéid suntasach den obair sna ceithre go leith bliana atá caite, rud a d'fhág gur tháinig gníomhaireachtaí óige le chéile chun obair le chéile ar mhodh aontaithe ar fud réimse forbartha na hóige.

Ón mbliain 2002 i leith thug roinnt gníomhaireachtaí tábhachtacha óige tacaíocht d'fhorbairt agus d'eagrú an Chomhairle na nÓg bhliantúil. Ba é an toradh a bhí air sin gur bunaíodh Fóram Óige.

I 2004 d'aithnigh Bord Forbartha Chontae Chill Chainnigh agus SIM an Óige mar ghrúpa tosaíochta sprice. Ina dhiaidh sin ullmhaíodh Plean Óige Sprice ar iarratas ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá Coiste Comhordú Óige curtha ar bun chun forfheidhmiú an Phlean Óige seo a thiomáint ar aghaidh. Tá líon áirithe tosaíochtaí tábhachtacha a bhaineann leis na grúpaí uile tugtha chun aitheantais agus táthar comhaontaithe fúthu. bainistíocht acmhainne, acmhainn le haghaidh daoine óga a thógáil trí feabhas a chur ar áisiúlacht agus ar rannpháirteachas, ar oiliúint agus ar fhorbairt d'eagrais Óige.

Ina theannta sin trí comhoibriú níos dlúithe agus trí phlean a cheapadh a bhfuiltear aontaithe faoi, tá súil leis foras eolais a thógáil agus a mhéadú trí anailís a dhéanamh ar sholáthar don óige. Feabhsóidh agus neartóidh an Plean bearta deonacha taca ar fud an chontae.

Aithnítear gurb é obair an ghrúpa seo an bhunsraith a leagan síos a chuirfidh an tAcht um Obair Ógra, 2001 i bhfeidhm, Acht nach bhfuil curtha i ngníomh fós ar leibhéal náisiúnta.

Gníomh Tábhachtach Tosaíochta: 9

Grúpa Oibre a chur ar bun chun plean a chur chun cinn agus i bhfeidhm chun tacú le gluaiseacht trí oideachas agus trí oiliúint i gCill Chainnigh, plean a chuimseoidh áisiúlacht, aistriú agus forchéimniú.

Thug an foghrúpa oideachais tosaíocht do mhíbhuntáiste oideachais mar chuid dá shainchúram oideachais agus an Straitéis chun forbairt sóisialta, eacnamúil agus cultúrtha á chur i bhfeidhm aige. Thug an foghrúpa faoi iniúchadh míbhuntáiste oideachas traschontae i 2004-05. Chuir an iniúchadh sin in iúl don ghrúpa go raibh bearnaí ann i ndáil le cláir mhíbhuntáiste oideachais a chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i bhfeidhm.

Sa chéad chéim eile den obair beifear ag díriú ar na bearta taca is gá a sholáthar do dhaoine óga chun feabhas a chur ar rátaí coinneála agus ar rátaí curtha i gcrích dá gcuid. Cuimseoidh sin an rolladh amach de DEIS, an Plean Náisiúnta um Chuimsitheach Oideachas de chuid an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhthéacs an tsoláthair ar an leibhéal áitiúil.

Mar chuid de beifear ag breathnú freisin ar na bearta taca atá ag teastáil ó dhaoine óga agus ó dhaoine fásta a bhfuil fonn orthu filleadh ar an oideachas, go sonrach iad siúd ar leibhéal íseal maidir lena bhfuil bainte amach acu ó thaobh oideachais. Breathnóidh sé ar bhealaí chun áisiúlacht, aistriú agus forchéimniú a thabhairt chun barr a maitheasa i gcomhthéacs bearta taca agus struchtúr atá ar fáil go háitiúil.

Clár Forfheidhmithe 2006/2008

Tá sé de rún ag an mBord Forbartha Contae úsáid a bhaint as an gCóras Bord Seirbhíse Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil chun dul chun cinn na naoi ngníomh tosaíochta a lorg. Beidh pleananna mionsonraithe á dhréachtú ag na foghrúpaí GFC lena mbaineann.

¹Cloífidh gach grúpa le teimpléad forfheidhmithe a chlúdaíonn na réimsí a leanas:

- Aidhm
- Cuspóir
- Gníomh
- Tasc(anna)
- Clocha míle
- Pearsanra tábhachtach
- Táscairí Ratha
- Dátaí criticiúla le haghaidh tuairiscithe agus athbhreithnithe.

Fo-Struchtúir:

¹ Teimpléad Forfheidhmithe ceangailte mar aguisín 1

Tá foghrúpaí reatha an BFC scaipthe cé is moite de SIM agus de Choiste Cúram Páiste an Chontae

- .i. Oideachas agus Oiliúint,
Dea-bhail Shaoránaigh agus Phobail,
Giniúint Ioncaim agus Rachmais.

De rogha air sin, ba chóir go gcuirfí ar bun grúpaí oibre sonracha spriocdhírthe a chuirfidh gluaiseacht faoi na gníomhartha tosaíochta.

Gníomh	Fo-Struchtúr	Eagraí cruinnithe
Ag tarraingt ar mhúnlaí atá ann cheana féin, straitéis comhtháthaithe réamhghníomhach bunaithe ar chomhaontú a chur chun cinn agus i bhfeidhm chun síneadh a chur leis an gclár oibre Cuimsitheachta Sóisialta ionas go mbainfear amach poiblíocht don chontae sna meáin.	An cúram ginearálta a bheith ag SIM agus freagracht a tharmligean dá réir.	Foghrúpa Comhtháthaithe
Straitéis a chur chun cinn chun córas oideachais tríú leibhéal a chur ar bun i gCill Chainnigh agus dearcadh Chill Chainnigh a chur chun cinn in aon díospóireacht faoi sholáthar oideachas tríú leibhéal don oirdheisceart.	Grúpa Oibre Spriocdhírthe	Bainisteoir Contae in éindí le BFC (Sean McKeown)
Múnla gnímh idirghníomhaireachta a chur chun cinn chun freastal d'fhorbairt fiontair agus eacnamúil i gceantair áitiúla agus an múnla a chur i bhfeidhm i roinnt pobal áitiúla.	Grúpa Oibre Spriocdhírthe	BFC (Sean McKeown)
Fóram a bhunú chun freagairt ar cheisteanna slándála agus sábháilteachta a fhiosrú, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.	Grúpa Oibre Spriocdhírthe	An Garda Síochána – Gordon Ryan
Grúpa Oibre a chur ar bun chun plean a chur chun cinn agus i bhfeidhm chun tacú le gluaiseacht trí oideachas agus trí oiliúint i gCill Chainnigh, plean a chuireadh áisiúlacht, aistriú agus forchéimniú.	Grúpa Oibre Spriocdhírthe	An Roinn Oideachas - Ronan Mulhall
Dul i mbun oibre ar bhonn straitéiseach le Coiste Comhordú Óige Chill Chainnigh chun na gníomhartha tosaíochta a tugadh chun aitheantais sa Phlean Óige Comhtháthaithe Sprice a chur i bhfeidhm.	An cúram ginearálta a bheith ag SIM agus freagracht a tharmligean dá réir.	Coiste Comhordú an Óige
Fóram Fuinnimh Inmharthana a chur ar bun agus gníomhartha a bhfuiltear aontaithe fúthu a sheachadadh.	Grúpa Oibre Spriocdhírthe	BNS (Declan Rice)
Iniúchadh á thaobh áisiúlacht de a dhéanamh ar	Grúpa Oibre	HSE

fhoirgnimh sheirbhíse poiblí chun aon locht a shonraítear a leigheas. Soláthar do sheachadadh malairt seirbhíse nuair nach féidir deacrachtaí a bhaineann le háisiúlacht a chur ina gceart. Toradh an iniúchta a scaipeadh agus na gníomhartha a rinneadh a aithint.	Spríocdhírthe	
Straitéisí forbartha turasóireachta a chur chun cinn, a chur i bhfeidhm agus a mheas do roinnt limistéir éagsúla tuaithe.	Grúpa Oibre Spríocdhírthe	BNS (Declan Rice)

Téarmaí tagartha le haghaidh na struchtúr uile a bhaineann le BFC:

1. Cuirfear na struchtúir ina seasamh le haghaidh tréimhse trí bliana ar an méid. Suífidh na comhaltaí ar feadh tréimhse thrí bliana an phlean.
2. Ní mór don rúnaí ar gach grúpa/struchtúr bheith ina chomhalta den BFC.
3. Caithfidh gach grúpa tabhairt faoi phlean forfheidhmithe sa chéad ráithe den bhliain 2006 agus an plan a chur i láthair an BFC sa dara ráithe.
4. Caithfidh gach grúpa comhalta a ainmniú a ghlacfaidh freagracht as uasdátú an chórais lorgtha. Beidh an grúpa freagrach as faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ag cruinnithe a bheidh socraithe agus an córas lorgtha a uasdátú go tráthrialta.
5. Caithfidh gach grúpa comhalta a ainmniú a ghlacfaidh freagracht as aiseolas a chur ar fáil don Bhord agus a leagfaidh síos tráthchlár le haghaidh láithreoiréacta aiseolais dá leithéid.

Ról an Phobail agus an Roinn Fiontraíochta:

Cuirfidh foireann an Roinn Fiontraíochta agus Pobail tacaíocht tosaigh ar fáil d'eagraithe na struchtúr grúpa oibre agus chuideoidh siad leo chun an chéad chruinniú a eagrú agus a reáchtáil.

Meastóireacht:

Is ag deireadh an tríú bliain a dhéanfar meas ar an bplean trí bliana. Agus an meas sin á dhéanamh is ag díriú isteach ar mheicníochtaí seachadta a bheifear, ar sheachadadh feabhsaithe seirbhíse agus ar an ngealltanas i leith comhoibrithe chun gnímh a sheachadadh i measc gníomhaireachtaí agus grúpaí.

Conclúid

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar dhul chun cinn na Straitéise go dáta tá sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ní amháin ar an tionscnamh agus ar ról an Bord Forbartha Contae ach ar an tionchar atá aige ar sheachadadh seirbhísí áitiúla comhoibrithe bunaithe ar chomhaontú.

Ní mór don Bhord Forbartha Contae sheasamh don mhúnla is éifeachtach agus is éifeachtúlacht le haghaidh seachadadh seirbhíse áitiúla atá ar fáil faoi láthair. Caithfidh sé cuidiú le forbairt eacnamúil, sóisialta agus cultúrtha an chontae ar bhealach ciallmhar agus indeimhnithe. Caithfidh sé aghaidh a thabhairt ar aidhmeanna réadúla agus inbhainte amach agus an obair atá déanta aige a mheas i bhfianaise an tionchair díriú atá aige ar sheachadadh seirbhíse.

Caithfidh sé cur le fiúchas an phróisis seachadta agus caithfidh gurb é an mheicníocht is fearr a bhfuil fáil air chun gníomhaireachtaí agus grúpaí aonair a thabhairt le chéile agus chun gnímh agus aidhmeanna i gcomhar a sheachadadh. Ní mór dó seasamh do mhianta agus do chuspóirí gach ceann de na comhaltaí ar chuid de iad ach ag an am céanna bheith in ann cinnithe tiomsaitheacha comhoibrithe a dhéanamh.

Caithfidh an tionchar na hacmhainní agus an t-údarás a bheith aige chun cinnithe agus roghanna réalta a dhéanamh a bhaineann leis an soláthar seirbhíse neamhtheoiriciúil.

Caithfidh sé sraith ó thaobh eagrais a sholáthar a dhéanann comhordú ar sheachadadh seirbhíse áitiúla, a spreagann, a chuireann lena luach agus a fheabhsaíonn é.

Caitheadh sé cumhacht thiomsaitheach na n-eagrais agus na gníomhaireachtaí atá freagrach as seachadadh seirbhíse ar fud chathair agus chontae Chill Chainnigh a chur chun fóinimh.

Tá sé de thoradh ar an Straitéis go bhfuil leibhéal níos airde maidir le comhroinnt eolais agus go bhfuil caidrimh oibre feabhsaithe ar fud na hearnálacha reachtúla, deonacha agus pobail. Bhí ról lárnach ag an mBord Forbartha Contae ag cumasú agus ag freastal do naisc cothromacha a bhí feabhsaithe agus méadaithe idir na grúpaí. Chuir sé an fóram ar fáil do ghníomhaireachtaí comhoibriú ag an leibhéal áitiúil. Thug sé fócas do ghníomhartha comhordaithe agus laghdaigh sé an méid a bhí rudaí ag dul thar a chéile agus ba chabhair é le caiteachas poiblí níos éifeachtaí a bhaint amach.

De réir taithí an Bord Forbartha Contae go dáta is féidir toradh suntasach a bhaint amach má tá an cur chuige i leith dúshláin straitéiseacha bunaithe ar chomhaontas. Teastaíonn dúthracht agus tacaíocht iomlán na gcodanna as a bhfuil sé déanta ón múnla áfach le go mbeidh sé in ann freagairt forbartha áitiúil comhtháite agus ciallmhar a sheachadadh.

Dearbhaíonn Bord Forbartha Contae Chill Chainnigh go bhfuil soláthar seirbhíse áitiúil éifeachtach ag brath ar ghealltanas dáiríre ón Rialtas náisiúnta, ó ghníomhaireachtaí dá chuid, ó pholasaithe agus ó chleachtais náisiúnta agus chomh maith leis sin ó ghníomhaireachtaí áitiúla agus ó straitéisí ar leibhéal an chontae. Beidh tacaíocht náisiúnta agus lárnach den riachtanas má táthar chun poitéinseal an tionscnaimh seo a chur i gcríoch go huile agus go hiomlán.

Tá Bord Forbartha Contae Chill Chainnigh ag tnúth leis an gcéad chéim eile den thionscnamh a mhairfidh ar feadh trí bliana agus le leibhéal comhoibrithe níos airde ó thaobh seachadadh gnímh a sholáthróidh do leibhéal feabhsaithe soláthar seirbhíse i gcathair agus gcontae Chill Chainnigh.

Aguisín 1: Teimpléad le haghaidh Plean Forfheidhmithe

Aidhm	
Cuspóir	
Gníomh	
Tasc(anna)	
Clocha míle	
Pearsanra Tábhachtach	
Táscairí Ratha	
Dátaí criticiúla le haghaidh tuairiscithe agus athbhreithnithe	Cruinnithe BFC Ráithiúil

Aguisín 2: Formáid ar a bhfuiltear aontaithe agus Clár Oibre le haghaidh cruinnithe BFC.

- Leithscéil
- Miontuairiscí
- Rudaí a thagann chun cinn
- Ítimí atá ag fanacht ar chinneadh
 - Aontuithe
 - Iarratais ó chomhaltaí
 - Iarratais ó ghrúpaí gnímh chomhoibrithe
 - Freagairt d'iarratais ón Rialtas etc.
- Ítimí le bheith pléite
 - Ceisteanna reatha tábhachtacha
 - Tuairisc ó rúnaithe grúpa gnímh
 - Dul chun cinn le haidhmeanna a bhaint amach
- Ítimí le haghaidh eolais
- AOB